

Murillo: An Mac Drabhlásach Athchóirithe Taispeántas Fíorúil Paca Acmhainní don Ardteistiméireacht



Bartolomé Esteban Murillo (1617-1682), An Mac Drabhlásach ag Teach Ar ais, 1660. Grianghraf © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann

NATIONAL
GALLERY
of
IRELAND



GAILEARAÍ
NÁISIÚNTA
na hÉIREANN

Réamhrá

Toisc go raibh ar dhánlanna agus iarsmalanna ar fud an domhain a gcuid doirse a dhúnadh mar gheall ar phaindéim Covid-19, chuir a lán institiúidí a dtaispeántais ar fáil ar líne. Cuideoidh an acmhainn seo leat turas fíorúil *Murillo: An Mac Drabhlásach Athchóirithe* a iniúchadh agus na buntáistí agus na míbhuntáistí taispeántas fíorúil a mheas.

Clár na n-ábhar

Faoin taispeántas.....	4
Taispeántas fíorúil	6
Téamaí	8
Sceitsí	9
Léiriú	10

Ceist Shamplach as Páipéar Léirtheiscint na hEalaíne - Ardteistiméireacht 2018

Is é an phríomhaidhm atá le dearadh gailearaí, músaeim nó ionad léirmhíniúcháin ná spás a chruthú d'idirghníomhú daoine le saothair ealaíne/déantúsáin. Pléigh an ráiteas seo i dtaca le gailearaí, nó músaeim nó ionad léirmhíniúcháin ainmnithe ar thug tú cuairt air. Déan cur síos agus plé i do fhreagra ar dhá shaothar ainmnithe agus déan tagairt do na slite a ndeachaigh úsáid an spáis seo i gcion ar d'idirghníomhú leis na saothair seo.

agus
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa amhairc maidir le leagan amach taispeántas scoile de shaothar ealaíne na mac léinn. Tabhair cúiseanna leis na cinntí dearaidh a dhéanann tú. Léirigh do fhreagra.

Scéim Mharcála		Marcanna	Nótaí
A	Ainm gailearaí, músaeim nó ionaid léirmhíniúcháin agus plé ar an ráiteas.	10	5 mharc as an ainm 5 mharc as an bplé ssion
B	Déan cur síos agus plé ar dhá shaothar ainmnithe agus déan tagairt do na slite a ndeachaigh úsáid spáis i gcion ar d'idirghníomhú leis na saothair seo.	15	5 mharc as saothair ainmnithe (3/2) 5 mharc as cur síos agus plé ar na saothair (3/2) 5 mharc as spás agus an tionchar a bhí leis ar idirghníomhú
C	Déan cur síos agus plé achomair ar do choincheapa féin maidir le taispeántas scoile de shaothar ealaíne na mac léinn a dhearadh Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.	15	
D	Sceitsí.	10	
Iomlán.		50	

Is fiú 150 marc an Páipéar Staire Agus Léirtheisceana Ealaíne i.e. 37.5% de na marcanna iomlána don Scrúdú Ealaíne.

Faoin taispeántas

Den chéad uair le blianta fada, tá sraith saothar ó dhuine de na péintéirí is clúití i Ré Órga na Spáinne, Bartolomé Esteban Murillo (1617–1682) le feiceáil ag crochadh taobh le taobh i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann. Tá sé phictiúr iontach a léiríonn parabal an Mac Drabhlásach. Tá na pictiúir caomhnaithe agus tá taighde déanta orthu ag foireann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann. Taispeánfar mionsonraí spéisiúla a nochtadh le linn an tionscadail chaomhnaithe agus roinnt priontaí atá bainteach leis, in éineacht leis an tsraith, ag taispeáint rúin phróiseas ealaíne an scéalaí seo.

- \\ Tacáocht an-fhlaitiúil ó Fhondúireacht Teaghlaigh Blavatnik.
- \\ Coimeádaithe | Muirne Lydon agus an Dr Aoife Brady

Bhí Bartolomé Esteban Murillo (1617–1682) ina chónaí agus ag obair i Seville, sa Spáinn, le linn Ré Órga na Spáinne. Ba thréimhse é seo nuair a bhí an Spáinn an-chumhachtach agus a raibh coilíniú déanta aici ar chuid mhór de Mheiriceá. Bhí rath ar an litríocht, ar an ealaín agus ar an gceol agus bhí rialóirí na Spáinne mar phátrúin iontach ar na healaíona. I measc na n-ealaíontóirí eile ón tréimhse seo tá El Greco agus Diego Velázquez.

Phéinteáil Murillo le linn ré Bharócach stair ealaíne na hEorpa sa seachtú haois déag. Tá baint aige seo leis an bhFrith-Reifirméisean Caitliceach, agus tá saothair shaibhre dhrámata ann; bhí go leor stíleanna éagsúla ar fud na hEorpa, áfach.

Tugtar timthriall scéalaíochta ar an tsraith pictiúr. Cuireann siad scéal aontaithe i láthair le roinnt canbháis, cosúil le stiall ghrinn. Insíonn an timthriall scéal an Mac Drabhlásach ó thús go deireadh, i sé cinn dá shaothair. Níor phéinteáil Murillo ach dhá thimthriall scéalaíochta i rith a shaoil agus seo an t-aon cheann atá fós le chéile.

Cé gurb é scéal an Mac Drabhlásach an parabal bíobalta is minice a léirítear in ealaín an Iarthair, is iad pictiúir Murillo an chéad uair a

phéinteáil ealaíontóir Spáinneach an scéal i bhfoirm sraith de phictiúir. Tá cuntas an tSoiscéil gearr agus níl mórán sonraí tuairisciúla ann, rud a thugann saoirse chruthaitheach don ealaíontóir an scéal a fhorbairt agus cur leis. Tá an scéal suite i Seville, Baile dúchais Murillo agus is féidir linn go leor a fhoghlaim faoin áit agus faoin am sin óna bheith ag breathnú ar na pictiúir. Cé nach bhfuil aon chuntas ann faoi cé hiad na pátrúin bhunaidh, is féidir linn buille faoi thuairim a thabhairt gur as Seville iad mar tá na pictiúir suite ansin.

Bhí foinsí amharclainne mar inspioráid ag Murillo freisin. Socraíonn an t-ealaíontóir a chuid íomhánna cosúil le suíomh stáitse, gach ceann de na pictiúir cosúil le radhairc i ndráma. Den chuid is mó, tá na carachtair scoite ar phlána éadomhain uathu, mar a bheidís ag seasamh ar stáitse. Tá na cúlraí cosúil le cúlraí stáitse, a gcuid comharthaí iomarcach agus léiritheach.

Phéinteáil Murillo an tsraith an Mac Drabhlásach ag pointe nuair a bhí sé ina ealaíontóir seanbhunaithe. Ón obair scuabtha is féidir linn a rá gur phéinteáil sé go tapa agus go sciliúil. Phéinteáil sé alla prima (go léir in aon turas amháin), mar níl aon fhianaise ann go raibh tarraingt faoi ann. Déantar cur síos ar a theicníc péinteála mar estilo vaporoso (stíl ghalach), gabhann solas trí na sraitheanna péint, ag maolú an comhdhéanamh go ginearálta.

Is é an taispeántas seo an chéad uair a raibh na sé phictiúr ar taispeáint le chéile le 30 bliain anuas. Taispeánann sé an próiseas caomhnaithe freisin. Thóg caomhnú na n-oibreacha timpeall sé bliana, agus bhí taighde mionsonraithe agus críochnúil i gceist leis (faigh amach níos mó: <https://www.youtube.com/watch?v=pkhveW3lqos&t=5s>).

Mar shampla, tá a fhios againn gur bhain Murillo úsáid as smalt le haghaidh a lí gorm. Is ábhar é smalt déanta as gloine ghorm, gur féidir púdar a dhéanamh as. Nuair a chuirtear i bhfeidhm den chéad uair é, bheadh an chuma chéanna ar smalt le ultramarine, ach cailleann sé a dhath le himeacht ama. Bheadh gorm na spéartha níos déine sna pictiúir ar dtús. Baineann Murillo úsáid as ultramarine, lí níos costasaí don róba gorm a thugtar don Mhac Drabhlásach sa phictiúr deiridh, ag cur béime ar thábhacht reiligiúnach an éadaigh.

Taispeántas fíorúil

Tabhair cuairt ar an taispeántas fíorúil: <https://www.nationalgallery.ie/art-and-artists/exhibitions/murillo-prodigal-son-restored>

Cuimhnigh:

- \\ B'fhéidir nach mbeidh tú in ann cuairt a thabhairt ar thaispeántas go pearsanta mar gheall ar threoiríní an scaradh sóisialta, nó ar chúiseanna eile. Déan soiléir i do fhreagra gur thug tú cuairt ar thaispeántas fíorúil, agus, más féidir, déan comparáid idir an taithí sin agus músaeim nó dánlanna eile a thug tú cuairt orthu go fisiciúil roimhe seo
- \\ Beidh ort sceitsí a dhéanamh i scrúdú na hArdteistiméireachta, mar sin déan a lán sceitsí anótáilte i dteannta do chuid nótaí.
- \\ Tabhair do thuairimí féin agus tabhair samplaí - Bíonn eispéireas difriúil ag gach cuairteoir ar leith a thagann chuig an taispeántas. Bíonn tionchar ag ár gcúlra, ár stair, ár dtuairimí agus ár dtuiscintí féin orainn nuair a bhíonn muid ag féachaint ar shaothar ealaíne. Bíonn tionchar ag aois, inscne, oideachas, náisiúntacht agus a lán tosca eile ar ár dtuiscint ar thaispeántas. Tá tuairim gach aon duine chomh bailí céanna. Ní bhíonn aon fhreagra ceart amháin i gceist anseo. Tá sé tábhachtach go dtabharfá do léirmhíniú féin ar an taispeántas nuair a bhíonn tú ag freagairt na Ceiste faoin nGailearaí. Tá sé chomh tábhachtach céanna go dtabharfá samplaí chun tacú le do chuid tuairimí agus d'argóint.

An Chéad Imprisean.

Cé chomh héasca is atá sé an nasc a leanúint? Cad/Céard a fheiceann tú? Cén chaoi a bhfuil sé difriúil ó bheith go fisiciúil i ndánlann?

Breathnaigh agus taifead:

Smaoinigh ar na slite a dtéann gach uile ghné i gcion ort agus tú ag breathnú agus ag léirmhíniú na bpictiúr.

- \\ Cé cineál ailtireachta atá sa Ghailearaí? Céard iad na hábhair, uigeachtaí agus dathanna atá ar na ballaí, Síleálacha, Urláir? Cé chomh hábhartha agus atá na heilimintí seo mura bhfuil tú sa spás go fisiciúil

6.

- \\ Crochadh na bpictiúr. Cé chomh hard is atá siad crochta? An bhfuil siad gar dá chéile nó i bhfad óna chéile? Cén chaoi a bhfuil siad frámaí? An bhfuil do shúil meallta ag pictiúir áirithe? An féidir leat tuiscint mhaith a fháil ar a tomhas agus a scála? Cé chomh hábhartha a bhfuil sé do thaispeántas fíorúil?
- \\ An léirmhíniú. An bhfuil painéal téacs leo? Comharthaíocht? Lipéid? Cá bhfuil an léirmhíniú? Cén mhéid é? Dath? Dearadh?
- \\ Soilsíú. Ar soilsíú nádúrtha? nó Saorga é. Breathnaigh suas!
- \\ Cad atá ar iarraidh ó thuras fíorúil? Mar shampla, daingneáin agus feistis (troscán, gairis slándála, lasca na soilse agus srl.), cuairteoirí eile, foireann. Cén tionchar a bhíonn aige seo ar do thaithí ar an taispeántas?

Scitse: Cruthaigh plean urláir agus déan scitse de leagan amach an taispeántais.

Gníomhaíocht bhreise

Cén comparáid a dhéanfá idir turas fíorúil agus cuairt a thabhairt ar thaispeántas? Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le turas fíorúil? Liostaigh cúig cinn de gach ceann.

B'fhéidir gur mhaith leat smaoineamh ar:

- \\ Insoictheacht - cé atá in ann cuairt a thabhairt ar thaispeántas fíorúil nach mbeidh in ann dul a go dtí an ceann fisiceach? Cé atá coinnithe amach ó thaispeántas fíorúil?
- \\ Taithí - cén difríocht atá idir a bheith ag breathnú ar phéintéireacht ar scáileán agus an fíor cheann a fheiceáil os do chomhair?
- \\ Costas - cá mhéad a chosnódh sé dul go dtí Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (ag cur san áireamh iompar, bia, deoch agus rí)? An mbeadh in ann duit cuairt a thabhairt arís agus arís eile? Céard faoi dhuine atá ina chónaí i nDún na nGall, nó i bPáras, mar shampla? An ábhar imní é seo do thaispeántas fíorúil?
- \\ Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí eile atá ann?

7.

Téamaí

Tá iniúchadh déanta ag na coimeádaithe ar roinnt téamaí éagsúla sa taispeántas, san áireamh:

- \ Saol agus saothar Murillo
- \ Parabal Bhíobla an Mac Drabhlásach
- \ Léiriú Murillo ar an scéal seo; á chur i Seville comhaimseartha.
- \ An stair faoin gcaoi ar tháinig na pictiúir isteach i mbailiúchán an Ghailearaí, iar-úinéirí san áireamh
- \ Caomhnú na bpictiúr

I do thuairim, cé acu de na téamaí is suimiúla? Cén fáth? An bhfuil aon rud ar mhaith leat tuilleadh eolais a fháil air? Dá mbeifeá féin ag coimeádaíocht an taispeántais, cad iad na scéalta a d'inseofá

Faigh tuilleadh eolais: <https://www.nationalgallery.ie/art-and-artists/exhibitions/murillo-prodigal-son-restored/five-things-know-about-murillo-prodigal>

Sceitsí


I scrúdú na hArdteistiméireachta, iarrfar ort dhá shaothar ainmnithe a phlé go mion agus sceitsí a úsáid chun do fhreagra a mhíniú.

Nóta:

- \ Teideal an tsaothair
- \ Dáta
- \ Bunábhair
- \ Eolas atá ar an lipéad

Cleachtaigh sceitseáil go tapa agus go stuama- is fiú 10 marc na sceitsí i ngach ceist!

Seo sampla a thaispeánann an tionchar a bhí ag an amharclannaíocht ar shaothar Murillo:



Faigh tuilleadh eolais: Apollo Project's Master Class series with comic book writer-artist Nick Roche on Instagram: https://www.instagram.com/p/B_fjCu0Hu-Q/?igshid=1howtd65xcw6z

Léirmhíniú

Bíonn téacs taispeántais scríofa go sciliúil chun eolas casta a chur in iúl ar bhealach soiléir, sothuigthe, ag cloí le líon focal teoranta. Déannann coimeádaithe/léiritheoirí a lán taighde comhthéacsúil faoi shaothar nó ealaíontóir agus bíonn orthu achoimre a dhéanamh de seo i spás beag. Ní theastaíonn ó dhuine leabhar a léamh ar an mballa nuair a théann sé ar cuairt chuig taispeántas. Beidh ar an gcoimeádaí/léiritheoir a shocrú céard a fhágfaidh sé ar lár mar aon le céard a scríobhfaidh sé. Uaireanta bíonn an próiseas seo an-deacair, ach tá taithí mhaith ag coimeádaithe/léiritheoirí ar a bheith ag scríobh sa stíl áirithe seo. Déannann roinnt daoine eile profáil ar an téacs agus déantar cruinneas, soiléire agus stíl a sheiceáil. Sula ndéantar an téacs a phriontáil, déantar a lán eagarthóireachta agus dréachtadh air, sula bhfeiceann tusa an leagan deiridh de.

Bíonn sraitheanna éagsúla sa téacs taispeántais. D'fhéadfadh siad seo a leanas a bheith san áireamh:

- \\ Painéal réamhrá don taispeántas iomlán.
- \\ Painéil réamhrá i gcomhair gach seomra.
- \\ Teidil na seomraí agus blianta
- \\ Lipéid do gach saothar ealaíne
- \\ Tráchtairacht (chlostreorach)

Breis gníomhaíochtaí

Roghnaigh ceann de na pictiúir sa taispeántas agus scríobh do lipéad féin. Smaoinigh ar na nithe seo:

- \\ Céard í an mhír eolais is tábhachtaí a theastaíonn uait a roinnt leis an gcuairteoir? Cuir é sin ar dtús.
- \\ Bain úsáid as teanga ghníomhach seachas teanga éighníomhach.
- \\ Cuir rud éigin eile san áireamh seachas díreach cur síos a dhéanamh ar an bpictiúr – cuir rud éigin san áireamh nach bhfeicfeadh an breathnóir féin.
- \\ Bain úsáid as teanga a thuigfeadh leanbh 10 mbliana d'aois – bíodh sé soiléir, intuigthe agus spéisiúil.
- \\ Spreag an cuairteoir chun féachaint níos géarchúisí ar an bpictiúr – b'fhéidir gur mhaith leat ceist a chur.
- \\ Smaoinigh – Ní mór duit cloí leis an líon focal – uasmhéid de 80 focal don chur síos.

10.

Ainm an Ealaíontóra

Teideal an tsaothair

Véarsa an Bhíobla

Cur síos

Foinse (cé as ar tháinig an saothar ealaíne)

Bunábhair

An bhliain ar cruthaíodh an saothar

Uimhir shealbhaithe (uimhir ar leith a thugann an Gailearaí do gach earra ina bhailiúchán)

BARTOLOMÉ ESTEBAN MURILLO

The Prodigal Son Receiving his Portion

There was a man who had two sons. The younger one said to his father, 'Father, give me my share of the estate.' So he divided his property between them.

In a dimly lit interior, the son prematurely collects his inheritance from a pile of gold and silver coins on the table. A ray of light enters the space, setting his face in dramatic profile against the dark background. Tearfully, the father tentatively reaches for his wayward son, whose gaze remains fixed on his money. A swath of drapery painted in a vibrant shade of red frames the top right of the composition, a nod to the scarlet cloak worn by the prodigal in the next scene.

Oil on canvas, 1660s, NGL.4540
Presented, Sir Alfred and Lady Beit, 1987 (Beit Collection)

An bhfuil aon eolas breise ba mhaith leat a fháil faoin bpictiúr? An bhfuil aon eolas nár chóir a bheith san áireamh, dar leat? Cén t-eolas is tábhachtaí, dar leat?

11.